



Cén Áit Is Dual Dom?

An bhfuil dóchas ar bith i ndán don domhan seo againne? An bhfuil aon leigheas ar an uaigneas is ar an scoiteacht nach bhfuil ach ag dul i ndoimhneacht?

Tá sé beagnach míle sé chéad bliain ó shíúil Pádraig ar fud na tíre seo. Bhí easaontas sa tír, fiú ansin freisin. Is maith a thuig Pádraig an t-uaigneas is an leithlis toisc é a bheith fuadaithe ina sclábhaí.

Níl sé deacair a shamhlú gur bhraith sé go raibh a shaol curtha as riocht: é sractha ó bhaile is óna mhuintir, gach nasc lena áit dúchais gearrtha go fealltach. Mhair an scéal mar sin ar feadh i bhfad.

Ach, iontas na n-iontas, tar éis dó éalú agus teitheadh chomh fada lena mhuintir, d'fhill Pádraig ar na dúichí seo is ar mhuintir na hÉireann. Bhí rud éigin tar éis tarlú—rud a d'athraigh ó bhonn a dhearcadh i leith na leithlise is an chine a mhair sé ina measc: thuig sé rún an cheangail is an chumann.

In uaigneas na ngort lábach bhraith sé go raibh baint aige le cumann níos doimhne ná mar ar shamhlaigh sé riamh a bheith ann:

“Thiontaigh mé le hiomlán mo chroí ar an Tiarna mo Dhia . . .
chosain Sé is thug Sé sólas dom mar a dhéanann athair dá mhac.”
“Mar a dhéanann athair dá mhac”—cur síos iontach saibhir é sin ar chumann.

Tiocfar ar réiteach fhadhbanna na linne seo sa tslí chéanna. Cruthaíodh sinn le haithne a bheith againn ar Dhia is le cumann a bheith againn leis. Seo ceangal atá níos bunúsaí ná aon cheangal eile. Eisean amháin a shásaíonn mianta ár gcroí i leith an chaidrimh. Is é an rud a ullmhaíonn sinn aghaidh a thabhairt ar an uile shórt ná aithne a bheith againn air agus a fhios a bheith againn go mbainimid le Dia, go bhfuil gean is gnaoi ag Dia orainn cuma céard a tharla nó céard a tharlóidh.

D'fhéadfá a bheith bainteach le Dia. Arna saolú dúinn bhíomar scartha ó Dhia. Ach maraon le Pádraig tig linn tiontú thart i dtreo an Tiarna agus idir ghlacadh agus chumann a bhlaiseadh trí Íosa Críost.

Nuair a tharlaíonn sin feictear dúinn gur chuid de chomhluadar nua sinn—pobal atá cruinnithe le chéile ó chúirí agus as cultúir éagsúla—daoine a bhfuil taithí acu ar chumhacht Dhea—scéal Íosa Críost a athraíonn ó bhonn iad. Ní hamháin go mbaineann sin le daoine aonair ach déantar baill sinn de phobal Dé—bráithre agus deirfiúracha i gCríost. Sin rud a chonaic Pádraig ag tarlú.

Tá pobal nua Dé mar a bheadh brainse de neamh—áit a leigheastar domhan atá briste, áit a bhfuil comhluadar ar fáil don uile a thagann go Críost ó gach cúlra agus as gach cultúr. Seo áit go bhféadfá bheith sa bhaile, i gcomparáid le domhan atá lán d'uaigneas. Seo comhluadar daoine a bhfuil gairm ó Dhia acu ualaí a chéile a iompar, grá na comharsan a chleachtadh, bheith fáilteach agus idirghuí a dhéanamh dá chéile.

Ba é rud a chuir gliondar croí ar Phádraig, “na mílte de mo dheartháireacha agus de mo dheirfiúracha.” Trí do mhuintir a chur i gCríost d'fhéadfá a bheith mar chuid den gclann sin freisin.